

Tidy Towns Competition 2008

Adjudication Report

Centre: **Beal Atha an Ghaorthaidh** Ref: **1135**
County: **Cork(West)** Mark: **243**
Category: **A** Date(s): **16/06/2008**

	Maximum Mark	Mark Awarded 2008
Overall Development Approach	50	28
The Built Environment	50	33
Landscaping	50	35
Wildlife and Natural Amenities	50	27
Litter Control	50	26
Waste Minimisation	20	7
Tidiness	30	17
Residential Areas	40	30
Roads, Streets and Back Areas	50	32
General Impression	10	8
TOTAL MARK	400	243

Overall Development Approach:

Chomhghairdeachas ó chroí le Coiste Forbartha Béal Átha'n Ghaorthaidh as cur isteach ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara don bhliain 2008. Míle buíochas as an bhfoirm iarratais agus as na grianghraffa iontacha a thug blaiseadh don mholtóir ar an obair atá ar siúl agaibh agus ar na hathraithe chun tairbhe an tsráidbhaile atá á gcur i bhfeidhm agaibh. Ba mhór an trua nár chuir sibh léarscáil isteach leis an bhfoirm iarratais, fiú ceann simplí láimhe a threoródh an moltóir timpeall chuig na háiteanna is inspéise. Ba mhór an trua é nach raibh Plean 3-5 Bliana iniata leis an bhfoirm iarratais ach oiread. Mura bhfuil a leithéid ann fós b'fhiú go maith tabhairt faoin a leithéid a chur le chéile. Chabhródh an plean libh díriú ar na tioncnaimh is práinní agus is fosa a thabhairt chun críche agus na cinn is aislingí a fhágaint ar an méar fhada go fóill. Ba cheart liosta a dhéanamh des na heagrais a chabhródh libh le gach tionscnamh díobh seo. Ina theannta sin a dhéanamh amach cá bhfaigheadh sibh maoiniú do gach tionscnamh mar gan airgead ní féidir faic a dhéanamh. Bheadh tuairim ag an moltóir cén treo atá á thógaint agaibh. Le bheith searbhach neomat, tá marcanna ag dul don léarscail agus don Phlean freisin! Caithfidh go bhfuil tacaíocht ón bpobal agaibh mar go bhfaigheann sibh cabhair dheonach ón bpobal, rud a spreagann spiorad san áit. Cén sort bainte atá agaibh leis an gComhairle Chondae agus cén sort cabhrach a fhaigheann sibh ón Udarás? Deireann sibh go dtugann sibh jobanna áirithe dos na páistí scoile. Cad tá i gceist anseo agaibh? An bhfuil sibh ag déanamh iarracht an scoil a ghríosadh chun Gradam an Bhrait Ghlais a bhaint amach? Tá an-obair ar siúl timpeall na háite. Lean de. Ba cheart go mbeadh pobal Bhéal Átha'n Ghaorthaidh buíoch daoibh. Tá moladh ard tuillte agaibh. Nár laga Dia bhur ndíochill.

The Built Environment:

Is mór an chabhair do bhaile ar bith abhainn a bheith ag sní tríd agus droichead a bhith ann chun an abhainn a thrasnú. Tá an t-ádh dearg le Béal Átha'n Ghaorthaidh go bhfuil oidhreacht is ársaíocht ag baint leis na

droichid sin. Ní hamháin sin ach tá cúram caite leis an timpeallacht ag na droichid ag déanamh mór is fiú dóibh. Tá an tír dhearadh ag an chéad droichead iontach ar fad agus is sórt iarsmarlann de stair pholaitiúil is stair shóisialta na háite é. Cheapfa go raibh na róiseanna ag ceiliúradh tábhacht an droichid i saol an bhaile. Thar dhroichead linn agus féachann gach áit go hálainn. Dún do shúile ar shean fhoirgneamh nó dhó agus tabhair faoi deara Deochlann Seartán agus an séipéal. Anois faighimid radharc ar an tsráid. Murach an aire a thugtar dos na foirgnimh i mBéal Átha'n Ghaorthaidh rachadh an radharc álainn den sráiddreach le sruth go han tapaigh ach is léir mórtas cine na muintire ins an aire a thugtar dos na foirgnimh uile, fiú iad san nach bhfuil in úsáid a thuilleadh. Luaim an sean chearta ina measc san. Ach ní féidir an sean halla a luadh ina measc. An cuma air go bhfuil a ré caite ach ba cheart rud a dhéanamh air toisc an taithneamh a bhain daoine as drámaí is ceolchoirmeacha ann le glúnta fada. Tá cuma omósach ar an séipéal. Caithfear ard mholadh a thabhairt don scoil, do earraí Adhmaid Teo, do Ard na Laoi, do fhoirgneamh an Údaráis don tírdhearadh ina timpeall. Chabhródh cóta péint le foirgneamh nó dhó mar shampla Stáisiún na nGardaí. A mhalairt a bheadh le rá faoi Choláiste na Mumhan atá ag spréacharnaigh. Tá an Pháirc Pheile ar fheabhas freisin. Cinnte tá dúshláin roimh an gcoiste ach tá amh-ábhar foirgneoireachta de chaighdeán ard agaibh idir na droichid áille.

Landscaping:

Ana obair déanta anseo le blianta anuas agus is léir go bhfuil sibhse ag déanamh bhur gcoda freisin. Ní hamháin go n-úsáidtear tírdhearadh chun falla lom a mhaisiú ach úsáidtear bláthanna is plandaí chun crut a chur ar ghairdíní in omós do stair na háite. Tugann dathanna an tsamhraidh ardú meanman dos na heastáid tithíochta mar shampla Ardán Shéamais Úi Shé. Cuidíonn an dearadh tire go mór leis an áit ina bhfuil foirgnimh an Údaráis agus Bard na nGleann. Tá úsáid éifeachtach bainte as an catonaster ag láthair a bheadh achannach a dhearadh ag an halla. Casadh na Spride: an choincheap taibhseach ach cuimhnigh nach mbíonn in aon rud ach seal, go mórmhór má bhíonn adhmaid i gceist. Tá an obair athnuachana tosaithe cheanna féin agus gá leis. Thar aon rud eile thaithin úsáid na sleepers leis an moltóir agus ainmneacha na mbláthanna léirithe go hálainn.

Wildlife and Natural Amenities:

Mura ndéanann sibh tada eile i mbliana ach an tsiúlóid go dtí na céimeanna a ghlanadh is a dhéanamh fáilteach beidh éacht déanta agaibh. Bhí áthas ar an moltóir gur thóg sé an turas air féin, go hálainn. Nuair a bheidh a gcuid oibre déanta ag na daltaí scoile méadófar an taithneamh a bhainfear as an tsiúlóid le boird eolais faoi na héin is na héisc is na créatúirí beaga atá thart. Conas is féidir libh an bhithéagsúlacht i bhur gceantar a fheabhsú? Tá comharthaí timpeall a thugann treoir lucht rothar is do shiúlaithe. Maith sin.

Litter Control:

Bhí na boscaí bruscair le feiceáil ach, faraoid, bhí an bruscar le feiscint freisin. Is féidir an-chuid den mhilleán a chur ar dhaltá na gCúrsaí Samhraidh. Chonac féin iad is chuaigh sé dian orm fanacht im'thost. Chabhródh plean le spriocanna cinnte libh san roinn seo. Tá na rudaí atá ráite ar an hfoirm an-leathan ar fad. An raibh an lá glantachán agaibh? Cé a tháinig chun cabhrú libh? Cad a tharla don bhruscar? Ar deineadh scagadh air? An bhfuil éinne ag coimeád súil ar chúrsaí?

Waste Minimisation:

Is maith an chéim go bhfuil banc athchúrsála san sráidbhaile agus go bhfuil úsáid á bhaint as. Féachann sé an mhaith is néata. Mar obair gheimhridh ba cheart staidéar a dhéanamh ar an leabhrán 'Race Against Waste'. Spreagfadh sin tionscnaimh eile a laghdódh dramhaíol an bhaile. B'fhiú an scoil a chur ar an eolas faoi Gradam an Bhrait Ghlais a bhaint amach, rud a chabhródh le gach glún san sráidbhaile meon a mhúnladh i dtaobh na dramhaíle.

Tidiness:

An bhfuil an coiste sásta le cúrsaí tráchta timpeall Béal Átha'n Ghaorthaidh? An bhfuil d,othain áiseanna páircála ann? Má tá fadhbanna le trácht an bhfuil sibh hag dul i ngleic leo. Is cuid den tslachtmhaireacht an trácht. Tá crut an-dheas ar an sráidbhaile ach ní chabhraíonn fichillí agus tá cuid acu le feiscint. Tá sé an-thábhachtach taobhanna an bhóthair a choimeád go deas lomtha. Níl leigheas ar láthair thógála ach foighne mar tugann siad dóchas don bhliain seo chugainn.

Residential Areas:

Tá an-chúram déanta des na heastáid. B'fhéidir go bhfuil áit amháin nach bhfuil ar an gcaighdeán céanna le

heastáid eile. Cuidíonn idir dhathanna éagsúla péint agus tírdhreachadh ildaite le féiniúlacht a thabhairt dos na tithe agus féiniúlacht a chruthú don eastáid féin mar atá i Sraith Rónáin. Tá na tithe aonair ar fheabhas. Caithear an teach terra cotta ag an gcúinne a lua...creidiúint mhór tuillte ag duine éigin.

Roads, Streets and Back Areas:

Cuirtear fáilte roimh an taistealaí ar shroichint an baile dó rud a chuireann féinmheas in úil agus a mhéadaíonn suim an taistealaí san áit. Tá ceantar an droichid, ag teach tar an R584 ó Ballylickey, go hálainn ar fad, an tírdhreachadh ag baint radharc na súl díot. Feictear cúram agus samhlaíocht thar timpeall ort. Cé go bhfuil an tithíocht ar fháilte duit ón taobh eile brathtar fáilte freisin san tírdhearadh álainn. Go hobann tá an duine i lár gníomhaíochta an tsráidbhaile le scoil is eile. Bí cúramach taobhanna an bhóthair a choiméad lomtha go rialta.

General Impression:

Tá ard iarracht á dhéanamh ag an gcoiste seo slachtmhairecht an bhaile a fheabhsú agus , ainneoin roinnt fhadhbanna, tá dul chun cinn mór á dhéanamh agaibh. Cuir béim ar oidhreacht nádúra so-fheicthe na háite, sé sin an fiashaol saibhir, an teanga is stair Bhéal Átha'n Ghaorthaidh is ní rachaidh sibh amú. B'fhiú plean a dhéanamh amach agus a chur leis an bhfoirm iarratais. B'fhiú léarscáil a chur isteach chun an moltóir a stiúradh timpeall an bhaile mar tá marcanna boga á gcailliúint ansin.